# **Comhairliúchán Poiblí**

## Kildare County Council

## Comhairle Contae Chill Dara

# **Dréachtphlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2024-2028**

D'ullmhaigh Comhairle Contae Chill Dara Dréachtphlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn do chodanna de phríomhbhóithre ina gceantair fheidhmiúcháin a mbíonn níos mó ná 3 mhilliún turas feithicle orthu in aghaidh na bliana.

Is riachtanas é Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn mar chuid den Treoir maidir le Torann Comhshaoil ('END') (2002/49/CE), a bhfuil sé mar aidhm aici córas uile-Eorpach a chur i bhfeidhm chun foinsí torainn comhshaoil a shainaithint, an pobal a chur ar an eolas faoi shonraí torainn ábhartha agus na céimeanna riachtanacha a dhéanamh chun nochtadh torainn a sheachaint, a chosc nó a laghdú. Rinneadh an END a thrasuí i ndlí na hÉireann leis na Rialacháin um Thorann Comhshaoil 2006 (I.R. 140/2006) (na 'Rialacháin'), atá athbhreithnithe agus cúlghairthe le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Comhshaoil) 2018 (I.R. 549/2018) agus rinneadh iad a leasú trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Comhshaoil) (Leasú), 2021 (I.R. 663/2021).

Tá sonraí ar na codanna de bhóithre san áireamh sa Dréachtphlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn. Tabhair faoi deara nach n-áirítear sa Dréachtphlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn seo torann ó ghníomhaíochtaí tí, torann a chruthaíonn comharsana agus torann ag ionaid oibre.

Beidh an Dréachtphlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn ar fáil lena scrúdú ag an bpobal (gan an deireadh seachtaine agus laethanta saoire bainc san áireamh) le linn gnáthuaireanta oscailte ón **15 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 27 Samhain 2024** ag

an Rannóg Iompair, Comhairle Contae Chill Dara, Leibhéal 4, An Roinn Iompair agus Sábháilteachta Poiblí, Áras Chill Dara Páirc Devoy An Nás Co Chill Dara W91 X77F.

Beidh an Dréachtphlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn ar fáil freisin lena scrúdú ar Thairseach Comhairliúcháin Phoiblí Shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae Chill Dara:

**https://consult.kildarecoco.ie/en/consultation/draft-noise-action-plan-2024-2028-kildare-county-council**

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a bhaineann leis an Dréachtphlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn 2024-2028 a athbhreithniú ar líne ag an tairseach comhairliúcháin phoiblí thuas

**NÓ**

I scríbhinn chuig: Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin, An Roinn Bóithre, Iompar agus Sábháilteachta Poiblí, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co. Chill Dara W91 X77F ar nó roimh **17:00pm an 11 Nollaig 2024**

Iarrtar ort d'aighneacht a sheoladh ar aon mhodh amháin i.e. i gcruachóip nó ar líne.